Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16277/24**

**CLIMA 424**
**ENV 1160**
**ENER 583**
**TRANS 517**
**AGRI 843**
**ECOFIN 1444**
**COMPET 1167**
**IND 539**
**MI 986**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6291/24 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Ár dtodhchaí a dhaingniú Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil<br>- Seisiún tuairimíochta |

1. Chun an seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 17 Nollaig 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta.

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**
**Ár dtodhchaí a dhaingniú Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil**

**- Seisiún tuairimíochta -**

**Réamhrá**

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún a Theachtaireacht dar teideal 'Ár dtodhchaí a dhaingniú - sprioc aeráide na hEorpa do 2040 agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil'[1], ina moltar sprioc maidir le laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2040 i gcomparáid le 1990. Beidh sprioc 2040, a luaithe a chomhaontófar í, mar bhonn le Rannchuidiú nua an Aontais arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) faoi Chomhaontú Pháras, a chuirfear in iúl do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i bhfad roimh COP30. Táthar ag súil go dtíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach go luath in 2025 chun sprioc aeráide do 2040 a áireamh sa Dlí Aeráide Eorpach agus chun bearta earnála ábhartha a mholadh in am trátha. Léiríonn an fhianaise is déanaí gur soiléire iad costais an athraithe aeráide agus na neamhghníomhaíochta, agus gur soiléire freisin iad na tairbhí a bhaineann leis an ngníomhaíocht, lena n-áirítear tairbhí slándála fuinnimh, agus tairbhí leathana agus suntasacha ag baint leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Cuireadh tús leis an scrúdú ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus ar an measúnú tionchair a ghabhann léi sa Mheitheal um an gComhshaol an 12 Feabhra 2024. An 25 Márta 2024, chuir an Chomhairle (Comhshaol) tús leis an gcéad díospóireacht maidir leis an Teachtaireacht. Léiríodh sa phlé go raibh tacaíocht ghinearálta ann do sprioc aeráide 2040 a leagan síos agus gur chomhaontaigh na toscaireachtaí i gcoitinne leis na coinníollacha cumasúcháin a sainaithníodh sa Teachtaireacht mar choinníollacha riachtanacha chun an sprioc sin a bhaint amach.

[1] 6291/24 + ADD 1-6

Le linn na díospóireachta a bhí ag an gComhairle (Comhshaol) an 17 Meitheamh, leag na hairí béim ar chur chun feidhme chreat 2030 a comhaontaíodh don aeráid agus don fhuinneamh, inarb iad cosaint iomaíochas an Aontais agus áirithiú aistriú cóir na príomhchoinníollacha cumasúcháin a ghabhann leis. Leag siad béim freisin ar an ngá atá le hintuarthacht agus conair chobhsaí cur chun feidhme i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú mar aon le creat fabhrach rialála agus infheistíochta. Léiríodh sa díospóireacht go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach, trasearnála agus cothrom chun sprioc aeráide 2040 a leagan síos don Aontas, le comhsheasmhacht fheabhsaithe idir beartais aeráide, fuinnimh, thionsclaíocha agus beartais ábhartha eile chun a n-idirghníomhaíochtaí agus a n-idirspleáchais a chur san áireamh. Chuir na hairí i bhfios go láidir go dteastaíonn, *inter alia*, cothrom iomaíochta ar fud an domhain agus san Aontas, agus gur gá earnáil na cumhachta a dhícharbónú, agus infheistíochtaí neartaithe a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana nuálacha chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a áirithiú.

Sainaithníodh breithnithe comhchosúla sa phlean comhpháirteach dícharbónaithe agus iomaíochais a mhol Mario Draghi ina thuarascáil 'todhchaí iomaíochas na hEorpa' (Meán Fómhair 2024) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an dícharbónú agus na deiseanna ina leith a thapú. Léirítear cur chuige comhtháite maidir leis an dícharbónú agus an t-iomaíochas freisin i litreacha misin Uachtarán an Choimisiúin chuig na Coimisinéirí ainmnithe. Leagtar béim i dtuarascáil Draghi agus i dtuarascáil Enrico Letta dar teideal 'Margadh thar an gCoitiantacht' (Aibreán 2024) ar a phráinní atá sé go gcuirfeadh an tAontas dlús leis an nuálaíocht agus leis an gclaochlú glas chun a spriocanna do 2030 a bhaint amach agus chun an sprioc uileghabhálach maidir le haeráidneodracht, claochlú fuinnimh agus comhtháthú an Mhargaidh Aonair a bhaint amach.

Ag eascairt as na díospóireachtaí a bhí ag an gComhairle roimhe seo maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún, díríodh sa phlé ar an leibhéal teicniúil, le linn Uachtaránacht na hUngáire, ar na trí choinníoll cumasúcháin ar tharraing na hairí aird orthu ag Comhairle Comhshaoil mhí an Mheithimh. Tugtar achoimre thíos ar na príomhphointí a ardaíodh le linn an phlé.

**Cur chun feidhme chreat comhaontaithe aeráide agus fuinnimh 2030**

Aontaíonn na toscaireachtaí gur réamhchoinníoll é cur chun feidhme an phacáiste 'Oiriúnach do 55' chun sprioc uaillmhianach aeráide 2040 a bhaint amach. Is cosúil gurb iad an t-iompar, an talmhaíocht, foirgnimh, agus úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF), gurb iad na hearnálacha is mó ina bhfuil na dúshláin cur chun feidhme roimh fhormhór na mBallstát faoi láthair, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine is leochailí agus na hacmhainní airgeadais is gá a dhaingniú. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach freisin, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, chun na hearnálacha leictreachais agus tionsclaíochta a dhícharbónú. Mheas roinnt toscaireachtaí go bhfuil gá le creat rialála chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh.

Mheas roinnt toscaireachtaí go raibh na spriocdhátaí chun an reachtaíocht faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' a thrasuí agus a chur chun feidhme an-docht agus leag siad béim ar an ualach riaracháin a eascraíonn as na ceanglais nua. Luaigh roinnt toscaireachtaí freisin na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí aistrithe agus stórála carbóin a úsáid, ina measc an dúshlán maidir leis an gcistiú is gá a áirithiú. Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, cé gur mhol roinnt toscaireachtaí go ginearálta leanúint de chur chuige 'pacáiste' agus creat iar-2030 á dhearadh agus gur aontaigh siad nach mór do gach earnáil rannchuidiú leis na hiarrachtaí dícharbónaithe, d'iarr roinnt acu go mbeadh níos mó solúbthachta ann nuair a bheidh na spriocanna earnála á gceapadh, agus sainiúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh.

**Iomaíochas thionscal an Aontais á áirithiú**

Mheas na toscaireachtaí gur príomhthosca iad an intuarthacht, an chobhsaíocht rialála agus creat comhleanúnach beartais chun iomaíochas na hEorpa a chur chun cinn. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis go bhfuil an dícharbónú ina spreagadh don iomaíochas agus go bhféadfaí fás, athléimneacht agus poist a sheasfaidh an aimsir a chur chun cinn leis. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar an acmhainneacht mhór atá ann feabhas a chur ar an iomaíochas in earnáil an fhuinnimh: chuir cuid acu i bhfios go láidir an ról lárnach atá ag an bhfuinneamh in-athnuaite in éineacht le stóráil, agus leag cuid eile acu béim ar phrionsabal neodracht na teicneolaíochta, agus ról an fhuinnimh núicléach san aistriú á aithint acu. Leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le rochtain ar fhuinneamh glan, inacmhainne a áirithiú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar bhonneagar, nuachóiriú eangaí agus idirnaisc a fhorbairt, chomh maith leis an ngá atá le bacainní ar an nuálaíocht a bhaint, an rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú, mar shampla nósanna imeachta ceadaithe. Ina theannta sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhféadfadh teicneolaíochtaí aistrithe carbóin a bheith ann agus gur gá dlús a chur lena n-úsáid agus aird chúramach á tabhairt ag an am céanna ar an gcaoi a n-áirítear aistrithe sa chreat beartais aeráide. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil acmhainneacht mhór neamhshaothraithe sa gheilleagar ciorclach.

Leag na toscaireachtaí béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht, agus atá ag cistiú na teicneolaíochta glaine ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ról a bhíonn ag ionstraimí cistiúcháin an Aontais, go háirithe an Ciste don Nuálaíocht, maidir le tacú leis an nuálaíocht. Ina theannta sin, tharraing roinnt toscaireachtaí aird ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh rialacha éifeachtacha i bhfeidhm maidir le státchabhair nó soláthar poiblí. I gcomhthéacs iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta a áirithiú go hidirnáisiúnta, leag roinnt toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus mhol siad gur cheart machnamh a dhéanamh ar é a fheabhsú, agus a chomhoiriúnacht le rialacha idirnáisiúnta ábhartha á háirithiú ag an am céanna. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ngá atá le gníomhú domhanda ar son na haeráide, agus, sa chomhthéacs sin, d’iarr siad go neartófaí taidhleoireacht aeráide an Aontais go háirithe maidir leis an bhfor-rochtain agus tacaíocht maidir le praghsáil carbóin.

**Aistriú cóir a áirithiú**

Chomhaontaigh na toscaireachtaí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh saoránaigh, gnólachtaí, oibrithe agus na geallsealbhóirí uile rannpháirteach agus go n-oibreoidís i gcomhar leis an tionscal chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach san aistriú glas. Leag siad béim ar ról tábhachtach an chomhair idir ollscoileanna agus ionaid taighde, ról an oideachais agus na hoiliúna ar feadh an tsaoil, chomh maith leis an athsciliú agus an t-uas-sciliú chun an lucht saothair a fheistiú don aistriú glas. Ina theannta sin, leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus cumarsáid thrédhearcach a dhéanamh leis na saoránaigh agus faisnéis eolaíochtbhunaithe a chur ar fáil don phobal.

Moladh freisin measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart dícharbónaithe ar chodanna leochaileacha na sochaithe. Aithníodh gur gá tacú leis na grúpaí leochaileacha is mó a ndéantar difear dóibh san aistriú glas, agus mheas roinnt toscaireachtaí go bhféadfadh cistiú tríd an gCiste Aeráide Sóisialta feabhas a chur ar chothroime shóisialta agus gur cheart é a choinneáil ar bun. Meabhraíodh gur féidir tacaíocht a chur ar fáil tríd an mbeartas comhtháthaithe agus trí chistí eile de chuid an Aontais, mar shampla an Ciste um Aistriú Cóir agus Ciste Sóisialta na hEorpa, ach go bhféadfaí feabhas a chur ar infhaighteacht na faisnéise faoi na féidearthachtaí sin. Ina theannta sin, measadh gur úsáideach iad na bearta atá dírithe ar thacaíocht theicniúil a chur ar fáil agus ar dhea-chleachtais a chomhroinnt.

**Uirlisí dícharbónaithe**

Phléigh na toscaireachtaí freisin ról na n-uirlisí dícharbónaithe agus ról na praghsála carbóin i ndícharbónú na tionsclaíochta sa tréimhse tar éis 2030. Mheas formhór na dtoscaireachtaí gur cheart go leanfadh Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais de bheith ina bhunchloch don bheartas aeráide go dtí 2050, agus mheabhraigh go leor acu gur gá é a chomhcheangal le CBAM éifeachtach. Chuir roinnt toscaireachtaí i bhfios go láidir, a mhéid a bhaineann le CTA 2 (foirgnimh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise), nach mór aird ar leith a thabhairt ar úsáid éifeachtach an Chiste Aeráide Shóisialta trí na Pleananna Aeráide Sóisialta chun teaghlaigh leochaileacha a chosaint ar phraghsanna iomarcacha. Mhol roinnt toscaireachtaí CTA a leathnú chuig earnálacha breise cosúil leis an talmhaíocht, loscadh dramhaíola nó soithí muirí níos lú cé nach raibh roinnt toscaireachtaí eile i bhfabhar é a leathnú a thuilleadh.

Cuireadh in iúl, áfach, nach bhfuil aon réiteach amháin ann chun geilleagar na hEorpa a dhícharbónú, agus chun sásraí praghsála carbóin a chomhlánú, mhol na toscaireachtaí, mar shampla, foinsí in-athnuaite fuinnimh a leathnú, hidrigin ghlas agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin eile a fhorbairt, agus bearta breise chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mheabhraigh roinnt toscaireachtaí freisin go mbeidh gá méadaitheach le haistrithe carbóin teicneolaíochta amach anseo agus gur cheart dreasachtaí a chur i bhfeidhm chun tacú lena n-imscaradh.

**Ceisteanna do na hairí:**

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a phlé bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

1. *Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh lucht riaracháin agus gnólachtaí i ndáil leis na ceanglais a eascraíonn as an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' chun é a chur chun feidhme go rathúil, cad iad na modhanna lena bhféadfaí agus cad iad na hearnálacha áirithe ina bhféadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú, nó na ceanglais a shimpliú nó a chuíchóiriú, faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55'?*

2. *Cén cineál creata rialála agus infheistíochta a bheadh ag teastáil sa tréimhse tar éis 2030 chun an intuarthacht agus an comhleanúnachas beartais is gá a chur ar fáil chun iomaíochas thionscail na hEorpa a chur chun cinn, agus an bealach á choinneáil chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ag an am céanna? Cad iad na bearta cumasúcháin a bheadh ag teastáil chun aistriú cóir a áirithiú?*